Polasaí um Chosaint Sonraí

Chuir Bord Bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, Coiste na dtuismitheoirí agus tuismitheoirí na scoile an polasaí seo le chéile.
Baineann an polasaí seo le foireann uilig na scoile, an Bord Bainistíochta, tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí agus eile.
Baineann gnéithe den pholasaí le daltaí nua, daltaí atá le freastal ar an scoil a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus le hiarrthóirí ar phoist sa scoil

Réasúnaíocht
Cuireadh an polasaí seo le chéile chun a chinntiú go ngníomhaíonn an scoil de réir na nAchtanna seo a leanas:

- Acht um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003
- An tAcht Oideachais 1998 Alt 9- a chuireann ar scoileanna taifid atá coimeádta ag an scoil i a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do mhic léinn os cionn 18 má tá siad uathu
- An tAcht Oideachais (Leas) a chuireann ar scoileanna mic léinn a chlárú agus tuairisc a thabhairt ar thinreamh na mac léinn agus ar aistriú páistí

Aidhmeanna agus Cuspóirí

- A chinntiú go bhfuil an scoil ag géilleadh do riachtanais reachtacha
- Deá-chleachtas a chothú chun sonraí pearsanta daoine a chosaint
- Cleachtas scoile, maidir leis na taifid a choinneofar agus na nósanna imeachta a bhaineann leo, a shoiléiriú

Téarmaí a bhaineann le Cosaint Sonraí
Rialaitheoir Sonraí
Is é an bord bainistíochta an rialaitheoir sonraí.
Cuireann an príomhoide an polasaí i bhfeidhm thar ceann an bhoird.

Sonraí Pearsanta
Ciallaíonn sé seo na sonraí a bhaineann le mic léinn/leis an bhfoireann. Mar shampla: Ainm, seoladh, dáta breithe, gnéas, sonraí leighis, eolas faoi aiste bia, uimhir PPS, sonraí a bhaineann le tuismitheoirí/caomhnóirí
Coinnítear na sonraí seo san oifig, i gcomhadchaibinéad an mhúinteora, ar
Databiz agus ar an POD

Faisnéis Íogaireach
Bunús cinioch, eithneach nó náisiúnta, creideamh.
Coinnítear sonraí íogaireacha san oifig, ar Databiz agus ar POD.

Na sonraí pearsanta a choinneofar, an leagan amach a bheidh orthu agus an chúis go gcoinneofar na sonraí.
Sonraí na foirne

- Ainm, seoladh agus mionsonraí teagmhála, uimhir PSP
- Taifid bhunaidh iarratais agus ceapacháin, taifead cheapacháin do phoist trí ardú céime
- Mionsonraí as láithreachtaí ceadaithe (sosanna gairme, saoire thuismitheora saoire staidéir &rl
- Taifead oibre (cáilíochtaí, ranganna a múineadh srl)
- Taifid ar thimpistí/gortaithe a tharla do bhaill foirne agus iad i mbun a gcuid dualgas
- Mionsonraí gearán/casaoidí, comhairliúcháin nó pléanna inniúlachta, pleananna ghnímh/feabhsaithe/measúnaithe agus taifead dhul chun cinn san áireamh.

Cuspóirí
Coinnítear taifead foirne

- Chun gnó scoile a riaradh anois agus amach anseo
- Chun íocaíocht foirne a éascú agus chun cearta bhall foirne a fhiosrú maidir le pinsean srl.

Coinnítear na taifid seo i gcomhad pearsanta laistigh den oifig agus beidh taifead ríomhaire ar an OLCS

Taifid daltaí
Na sonraí a choinneofar an leagan amach a bheidh orthu agus an chúis go gcoinneofar iad.

- Ainm, seoladh agus mionsonraí teagmhála, uimhir PSP
- Dáta breithe, áit a rugadh an páiste
- Ainmneacha agus seoltaí tuismitheoirí/caomhnóirí agus a mionsonraí teagmhála
- Creideamh
- Bunús ciníoch, eitneach nó náisiúnta
- Duine a bheith ina b(h)all den Lucht Siúil más ábhartha
- Eolas a bhaineann le riachtanais oideachasúla speisialta, fadhbanna sláinte
- Faisnéis ar thaifead acadúil
- Measúnaí síceolaíochta
- Taifid tinrimh
- Taifead acadúil- torthaí na scrúduithe caighdeánacha
- Taifid ceisteanna araíonaíochta agus/nó pionóis a cuireadh i bhfeidhm
- Taifid drochthimpistí
- Databiz
- Mathletics

Coinneofar na taifid seo chun

- Cabhrú le gach páiste barr cumais a bhaint amach
- Géilleadh do riachtanais reachtaíochta nó riaracháin
- A chinntiú go mbainfidh daltaí leas as tacaíocht bhreise múinteoireachta má tá siad i dteideal a leithéid a fháil
- Tacú le soláthar teagaisc reiliúnaigh
- Chun chur ar chumas na scoile dul i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí i gcás éigeandála, nó sa chás go mbíonn ar an Údarás Bainistíochta an scoil a scor níos túisce ná an gnáth am dúnta oifigiúil nó chun eolas a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí maidir le dul chun cinn a bpáistí nó chun eolas a thabhairt dóibh faoi imeachtaí scoile srl.

Taifid bhoird bainistíochta
Na sonraí a choinneofar an leagan amach a bheidh orthu agus an chúis go gcoinneofar iad.

- Ainm, seoladh agus mionsonraí teagmhála na mball
- Taifid maidir le ceapachán an bhoird
- Miontuairiscí cruinnithe an bhoird agus comhfhreagras chuig an mbord a d'fhéadfadh tagairtí do dhaoine aonair ar leith a bheith ann

Coinneofar na taifid seo i gcomhad pearsanta san oifig, agus ar ríomhaire na hoifige
Cúiseanna

- Taifid a bheith ar fáil maidir le ceapacháin an bhoird
- Cuntas a bheith ar fáil maidir le cinnte an bhoird

Cé atá i dteideal rochtain ar sonraí?
Beidh na daoine seo a leanas i dteideal rochtain ar sonraí ábhartha cuí.

- Tuismitheoirí/Caomhnóirí
- Iarscoláirí 18 mbliana nó níos mó
- TUSLA – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
- Baill foirne ainmnithe
- An Roinn Oideachais agus Scileanna

- Bunscoileanna agus meánscoileanna. Cuirtear "Pas Oideachais" ag an meánscoil ag deireadh Rang 6.

Is gá do thuismitheoirí foirm thoilithe a chomhlíonadh sa chás go mbíonn eolas á thabhairt do ghníomhaireachtaí seachtracha.
Is gá do ghníomhaireachtaí atá ag lorg sonraí iarratas scríofa a chur chun na scoile.
Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí atá ag lorg sonraí iarratas scríofa nó ríomhphost a chur chun na scoile.
Tá tuairisc scoile deartha bunaithe ar an teimpléad atá curtha ar fáil ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Cuirtear an tuairisc seo sa phost chuig tuismitheoirí/caomhnóirí i Mí an Mheithimh.
Coinnítear taifid ar feadh seacht mbliana ar a laghad. Déantar na leabhair scrúdaithe a mhionghearradh ach coinnítear na torthaí go dtí go mbíonn na daltaí 25 bliain d'aois.
Tá taifead de phróifílí na ndaltaí ar an POD agus ar Databiz. Tá pas ar an dá chóras seo.
Coinnítear na sean rollaí sa seomra daingean. Níl fáil ar na cóid seo ach ag baill foirne ainmnithe.
Tá pas ar thaifid ríomhairithe.

Rólanna agus freagrachtaí
Cuirfidh foireann uilig na scoile an polasaí seo i bhfeidhm agus déanfar monatóireacht air faoi stiúir an phríomhoide. Cinnteoidh múinteoirí aonair go bhfuil taifid ar fáil agus go gcoinneofar iad go speisialta taifid dhaltaí atá ag aistriú go scoil eile.

Na rialacha a bhaineann le cosaint sonraí
- Bailigh agus próiseáil na sonraí go cóir cothrom
- Ná coimeád na sonraí ach amháin le haghaidh críche sonraithe, sainráite agus dleathaí amháin
- Ná húsáid agus ná nocht iad in aon slí a bheidh ar neamhréir leis na críocha sin
- Coinnigh slán sábháilte iad
- Bíodh na sonraí beacht, comhlán agus cothrom le data
- Déan deimhin de go bhfuil siad leordhóthanach, ábhartha agus gan a bheith iomarcach
- Ná coimeád níos faide iad ná mar is gá le haghaidh na críche nó na gcríoch
- Tabhair cóip de shonraí pearsanta an duine aonair dó/di má iarrann sé/sí sin

Naisc le polasaithe eile agus le cur i láthair an churaclaim
Cuirfear an polasaí chosaint sonraí seo againne san áireamh nuair a bheidh athbhreithniú á dhéanamh ar na polasaithe seo a leanas:
- An polasaí caomhnú leanaí
- Polasaí chlárú páistí
- Polasaí frithbhulaíochta
- Polasaí um mhí-úsáid substaintí
- Cód iompair

Cur i bhfeidhm agus athbhreithniú an pholasaí
Ghlac Bord Bainistíochta Scoil Chualann leis an bpolasaí seo ar an 21/6/2016.
Déanfaidh an bord bainistíochta athbhreithniú agus measúnú ar an bpolasaí seo gach bliain. Déanfar treoirlínte agus eolas nua a bhaineann le cosaint sonraí a phlé agus cuirfear leis an bpolasaí iad más gá.